



Éamon Ó Cuív TD, aoichainteoir ag Ceiliúradh an Dochtúra Uí Loingsigh, in onóir an scoláire agus gníomhaíoch an Dochtúir Dómnall Ó Loingsigh (1842-1913).

Grianghrafadóir: Diarmuid O'Connell



SCÉALTA Ó MHÚSCRAÍ

Le Pet Uí Chonaill — pet.oconnell@eecho.ie

Urraithe ag:

gael-taca
CORCAIGH LE GAELIGE
www.gael-taca.com
021-4310841



Joan Uí Chróinín ag bronnadh Chorn an Dr Uí Loingsigh, i gcuimhne ar a seanathair, ar an amhránaí Gobnait Ní Chruaí, agus bainisteoir an Ionaí, Bríd Cranitch, ag bronnadh Chorn Uí Fhlannagáin ar Mhuir Mac Giolla Choda a bhuaigh comórtas na n-amhrán nuachumtha.

Raw Bar Collective agus Cormac McCarthy i mBaile Mhúirne

TÁ dhá cheolchoirm den scoth ag teacht go dtí Ionad Cultúrtha an Dochtúir Ó Loingsigh i mBaile Mhúirne go luath.

Is ceolchoirm baile é do bheirt bhall den Raw Bar Collective, a bheidh ar stáitse ar an Aoinne 23ú Meán Fómhair. Is ó Bhéal Átha 'n Ghaorthaidh í buaiteoir Chorn Uí Riada, Nell Ní Chróinín, atá ina haoi-amhránaí leis an ngrúpa, a bhfuil cur síos déanta orthu mar ghrúpa le "stíl bheoga agus thar a bheith saolta den cheol Gaelach traidisiúnta".

Mar chuid den ghrúpa tá Conal Ó Gráda ó Chúil Aodha (feadóg mhór), Benny McCarthy (bosca ceoil) agus Dave Sheridan (fidil), chomh maith le Colm Murphy ar an mbodhrán. Tosnóidh an ceolchoirm ar a 8.30in agus tá costas €20 nó €15 ar thicéid.

An Aoinne dar gcionn, an 30ú Meán Fómhair, beidh pianódóir agus cumadóir Cormac McCarthy ina aoi san Ionad.

Is mac le Johnny McCarthy, fídléir agus fluítheadóir leis an



Conal Ó Gráda: Raw Bar Collective.

Four Star Trio é an gceoltóir Corcaíoch, agus bíonn saothair á seinnt agus á gcumadh aige i réimse leathan stíleanna, ón stíl chlasaiceach go dtí an snagcheol go dtí an ceol traidisiúnta.

Tá a chuid saothar agus cóiríocháin taifeadta ag aoinne an snagcheoil cosúil le Phil Woods agus Jeff Hamilton agus díríonn an tionscadal is déanaí dá chuid, Cottage Evolution, ar cheol atá cumtha aige do ghrúpa daréag ceoltóirí. Seinnfidh sé san Ionad le Davie Ryan (drumaí), Eoin Walsh (dord), Maria Ryan (fidil), agus Lucia MacPartlin (fidil).

Gradam gnó do dheartháireacha Uí Liatháin

TUGADH sprid fiontraíoch an Dochtúra Uí Loingsigh chun cuimhne le gradam a bronnadh ag an gceiliúradh i mBaile Mhúirne le déanaí, Gradam an Dochtúir Ó Loingsigh.

Roinneadh gradam na bliana seo idir bheirt deartháireacha ó Bhaile Mhúirne — Dónal Ó Liatháin, a cailleadh go tobann i mí na Bealtaine i mbliana, agus Seán Ó Liatháin.

Tá éirithe go hiontach leis na deartháireacha in iliomad réimsí gnó, go háitiúil agus i gCathair Chorcaí, áit inar chomhbhunaíodar óstán an Rochestown Park.

B'iad a bhean chéile Lilly agus a mac John a ghlac leis an ngradam do Dhónal Ó Liatháin, agus ghlac Seán lena ghradam féin, i dteannta lena bhean chéile Nóirín, leis an mbronnadh á dheanamh ag Jerry Lynch, gar-garnia an Dochtúra Uí Loingsigh, Éamon Ó Cuív TD, agus Joan Uí Chróinín ó Mhaigh Chromtha, garíníon an Dochtúra Uí Loingsigh.

B'i Gobnait Ní Chruaí a bhuaigh Corn Cuimhneacháin Dhómnall Uí Loingsigh agus bhuaigh Muirís Mac Giolla Choda Corn Uí Fhlannagáin d'amhráin nuachumtha.

Ó Cuív: 'Neamhaird' ar Straitéis 20 Bliain

THUIG an Dochtúir Domhnall Ó Loingsigh "nach bhféadfaí an Ghaeilge a shábháil gan fóirithint ar saol eacnamaíochta an phobail".

Agus breis is céad bliain tar éis a bháis, tá idéil an Dochtúra Uí Loingsigh maidir le cur chun cinn na Gaeilge tríd an pobal trí chéile a chothú chomh ábhartha céanna in eolas a sholáthar do pholasáí reatha an rialtais.

Ag ócáid bhliantúil Ceiliúradh an Dochtúra Uí Loingsigh i mBaile Mhúirne chuala aoichainteoir Éamon Ó Cuív TD, urlabhraí Fianna Fáil ar fhorbairt réigiúnach, gnóthaí tuaithe agus an Ghaeltacht, ag déanamh comparáid idir obair an dochtúra (1842-1913) agus scéim na gcomharchumann Ghaeltachta a bhunaigh Roinn na Gaeltachta sna 1960aidí.

D'impigh sé go láidir chomh maith do chur chun feidhme iomlán na Straitéise Fiche Bliain don Ghaeilge, a dúirt sé a raibh 'neamhaird' tugtha ag Rialtais faoi cheannais Fine Gael uirthi le cúig bliana anuas.

Dhein an tUas Ó Cuív trácht ar an Dochtúir Ó Loingsigh, a bhí ina cheannasáí gnó i mBaile Mhúirne chomh maith le bheith ina scoláire, dochtúir teaghlaigh, saighdiúir le Zouava an Phápa sa Róimh, gníomhaíoch teanga, agus ambasadóir cultúrtha, mar dhuine de ghrúpa daoine gníomhach sa chomhrac i gcoinne meathlú drámata líon na gcainteoirí Gaeilge ag deireadh na 19ú haoise.

"Is maith gur tharla sé ag an am cinniúnach seo go raibh daoine le fis ann a thuig nach raibh an cath caillte agus go bhféadfaí an Ghaeilge agus na pobail Ghaeilge a shábháil. Bhí an Dochtúir Ó Loingsigh i measc an dream seo," a dúirt sé. "Thuig sé freisin nach bhféadfaí an Ghaeilge a shábháil gan fóirithint ar saol eacnamaíochta an phobail. Is dóigh gur chuir an tréimhse a chaith sé ar an Mór Roinn lena thuiscint ar thábhacht agus saibheas teanga-

cha agus an gá a bhí leis an nGaeilge a shábháil. Thuig sé, go luath tar éis filleadh dó, gur ionann cearta naisiúnta na nGael a bhaint amach agus cearta áitiúla agus go raibh an dá rud fite fuaite ina chéile.

"Chuir mé spéis faoi leith, mar iarbhainisteoir comharchumainn Ghaeltachta san obair a rinne sé ar son leas eacnamaíochta an cheantair agus d'fheadfaí a rá go raibh a iarrachtaí mar eiseamláir don scéim Chomharchumainn Ghaeltachta a bhunaigh Roinn na Gaeltachta ag deireadh na seascaidí agus a rinne an oiread sin leasa don Ghaeltacht."

Cuimsíonn an Straitéis Fiche Bliain don Ghaeilge, a hullmhaíodh le tacaíocht tras-pháirtí le linn tréimhse Uí Chuív mar aire gnóthaí pobal, tuaithe agus Gaeltachta, sraith tionscnamh agus pleananna le haghaidh tacaíochtaí Stáit chun fiontraíocht agus gníomhaíocht eacnamaíoch a spreagadh i measc pobal labhartha na Gaeilge.

Cháin an tUas Ó Cuív polasaí nua an Rialtais i leith na teanga agus dhearbhaigh sé go leanfadh sé air ag brú le haghaidh cur i bhfeidhm iomlán na straitéise, i dteannta lena chomhghleacaí sa pháirtí, fear Chúil Aodha, Andrias Ó Muineacháin, a ainmníodh i mí an Mheithimh mar urlabhraí sóisearach Fianna Fáil ar an nGaeltacht agus acmhainní nádúrtha. "Is é an t-údar díomá is mó atá orm, le cúig bliana anuas, nár feidhmíodh an Straitéis Fiche Bliain don Ghaeilge agus gur ndearnadh neamhaird air, tar éis gur thacaigh na páirtithe a bhí i rialtas le cúig bliain anuas léi nuair a bhí siad sa bhfeasúra. Le go mbeidh rath ar an nGaeilge caithfear an Straitéis a chur i bhfeidhm go hiomlán, ó chlúdach go chlúdach." Dhein sé tagairt dá athair, an tOll Brian Ó Cuív, a leag béim ina leabhar *Irish Dialects and Irish-Speaking Districts* ar an ngá le breis tacaíochtaí chun a chinntiú go mairfeadh an teanga.

Rothaíocht charthanais Trasna na nGleannta

TÁ an rothaíocht charthanais bhliantúil 'Trasna na nGleannta' de chuid Valley Wheelers CC ag druidim linn.

Tosnóidh an ócáid i gCill na Martra ar an Domhnach, 25ú Meán Fómhair, agus leanfaidh an turas trí chnoic áille agus dúshlánacha Chorcaí agus Chiarraí, lena n-áirítear an Borlin Valley, Barr a' Chuma, Céim an Fhia, agus Gort na Binne.

Tá bealaí 110km, 65km agus 15km i gceist, agus raghaidh an t-airgead ar fad ón ócáid chuig an charthanais Fíorbóis Chisteach Build4Life.

Tá táille €20 ar líne, nó €25 ar an lá; daoine óga €10 agus €40 do chlann, agus beidh soláistí agus tacaíocht ar fáil. Fágfaidh na rothaithe ar a 9rn, le clárú óna 7.30rn ar an lá, nó ar líne ag www.valleywheelerscc.com

Oilithreacht Domhnach Gúgáin

BEIDH an 13ú turas oilithreachta bliantúil ó Chill na Martra go Gúgán Barra do 'Domhnach an Ghúgáin' ar siúl ar an Domhnach beag seo, an 25ú Meán Fómhair.

Baileoidh na hoilithrigh ag feirm Uí Chróinín i gCloch Aidhneach ar a 8.30rn do thuras 14 míle go suíomh aireagail na 6ú haoise Naomh Fionnbarra, áit ina mbuailfidh siad cois locha i nGúgán Barra leis na céadta oilithrigh

eile ó cheann ceann na tíre ar lá an phatrúin.

Tá an bealach ó Chill na Martra oiriúnach do shiúlóirí measartha agus mar chuid den turas beidh bóithre, coisín foraoise agus cuid de Shlí Uí Shuilleabháin Bhéara.

Tá sé beartaithe ag na siúlóirí an Gúgán a bhaint amach thart ar a 2in le haghaidh paidreacha agus Aifreann, agus beidh an bealach fógraithe ó thig tábhairne an Mons (N22).



Ceolchoirm 'Guthanna Mhúscraí' in Inis Uí Drisceoil an Domhnach seo chugainn.

Ó Chúil Aodha go Inis Uí Drisceoil d'amhránaithe

IS é 'Ó Chúil Aodha go Inis Uí Drisceoil' teideal ceolchoirm a bheidh a chur ar stáitse ag grúpa amhránaithe ó Ghaeltacht Mhúscraí ar oileán beag in Iarthar Chorcaí an deireadh seachtaine seo.

Beidh 'Guthanna Mhúscraí', bailiúchán d'amhránaithe áitiúla, ar stáitse mar chuid de chur i láthair tráthnóna ar an Domhnach ar Inis Uí Drisceoil, nó Heir Island.

Ina measc siúd a bheidh ag glacadh páirt ann beidh baill de Chór Ban Chúil Aodha, bunaithe sa bhliain 1985 ag an gcumadóir Peadar Ó Riada, a scríobh dhá mhór-shaothar taifeadta ag an gcór, *Laoi na Laoithe* agus *Caoineadh Airt Uí Laoghaire*.

Ag casadh amhráin i nGaeilge agus i mBéarla beidh pearsa iomráiteacha eile de stíl amhránaíochta Mhúscraí, Máire Ní Chéileachair, Muintir Luasa, Gobnait Ní Chruaí, Muintir Chróinín, Seosamh Ó Críodáin, agus

Clár Ní Argáin. Mhínigh Gobnait Ní Chruaí, a bhfuil tithe ag a máthair agus a dearthair ar an oileán, gur dearadh an cur i láthair san Island Cottage Gallery le John Desmond mar chur i láthair ann féin agus slí chun cuairteoirí a mhealladh chuig an oileán beag amach ó chósta Iarthar Chorcaí.

"Tá daoine á dtabhairt chuig an oileán agus na healaíona á dtabhairt dóibh siúd a mhaireann ann chomh maith," a dúirt sí. "Is rud é a dheineamar anuraidh, agus tugadh an t-airgead a bailíodh don RNLI, agus i mbliana raghaidh an t-airgead go CoAction Iarthar Chorcaí."

Tosnóidh an ceolchoirm ar a 3in an Domhnach beag seo, 25ú Meán Fómhair, agus beidh costas €10 ar chhead isteach.

Beidh an bád farantóireachta ar fáil óna 2in ar aghaidh ó Ché Chonamair, agus é ag filleadh tar éis an cur i láthair.

Tuillleadh eolais ó 087 173 7753/ 085 7037727.